



An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2024
(OR. en)

13264/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2013/0186(COD)

CODEC 1786
AVIATION 111

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

Ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Aonair Eorpaigh (athmhúnlú) (an chéad léamh) – Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle

1. An 11 Meitheamh 2013 agus an 22 Meán Fómhair 2020, chuir an Coimisiún a thograí¹, atá bunaithe ar Airteagal 100(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairimí uaidh an 11 Nollaig 2013 agus an 2 Nollaig 2020².
3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.
4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 12 Márta 2014³.

¹ 11501/13 + ADD 1 agus 2; SN 10840/20 + ADD 1.

² IO C 170, 5.6.2014, lch. 116 agus IO C 56, 16.2.2021, lch. 53.

³ 7382/14.

5. An 22 Márta 2024, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air⁴, tar éis plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.
6. An 9 Aibreán 2024, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) an comhaontú sealadach agus sheol Cathaoirleach an Choiste sin litir ina dhiaidh sin chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe inar dearbhaíodh gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch) a fhorghnóthú gan aon leasú a dhéanamh air.
7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:
- a seasamh ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in 8311/24 + COR 1 é, agus an ráiteas ar chúiseanna, mar a leagtar amach in 8311/24 ADD 1 + COR 1 é, a ghlacadh mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Spáinn ag staonadh ón vótáil;
 - an ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo é, a fhorghnóthú.
8. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ón gcrúinniú den Chomhairle in Aguisíní 1 agus 2 a ghabhann leis an nóta seo.

⁴ 7618/24 + ADD 1 go 3.